Meán Fómhair 2013/4-V1 © QQI

# BEARTAS QQI.

## Treoirlínte agus Critéir um Dhearbhú Cáilíochta maidir le Rochtain Soláthraithe ar Bhailíochtú Tosaigh a gClár as a Leanann Dámhachtainí QQI Breisoideachas agus Oiliúint

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR


1. RÉAMHRÁ ... 4
2. DEARBHÚ CÁILÍOCHTA SA BHREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT ... 4
   - 2.1. DEARBHÚ CÁILÍOCHTA ... 4
   - 2.2. DEARBHÚ CÁILÍOCHTA DE CHUID SOLÁTHRAITHE AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA SEACHTRACH ... 5
   - 2.3. DEARBHÚ CÁILÍOCHTA QQI ... 6
3. CUSPÓIR TREOIRLÍNTE ... 6
4. PRIONSABAIL ... 6
5. COMHPHÁIRTEANNA DE CHÓRAS DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA SOLÁTHRAÍ ... 7
   - 5.1. BEARTAIS ... 8
   - 5.2. GNÁSANNA ... 8
   - 5.3. MONATÓIREACHT INMHEÁNACH ... 9
   - 5.4. FÉINMHEASTÓIREACHT AGUS FEABHSÚ ... 9
6. EQAVET - COMHTHÉACS EORPACH ... 10
7. RÉIMSÍ ATÁ LE DEARBHÚ Ó THAOBH CÁILÍOCHTA ... 11
8. TREOIRLÍNTE ... 13
   - 8.1. RIALACHAS ... 13
   - 8.2. BAINISTÍOCHT CÁILÍOCHTA ... 13
   - 8.3. EARCÚ AGUS FORÁS FOIRNE ... 14
   - 8.4. TEAGASC AGUS FOGHLAIM ... 15
   - 8.5. ROCHTAIN, AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ ... 16
     - 8.5.1. ROCHTAIN ... 17
     - 8.5.2. AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ ... 18
   - 8.6. FORBAIRT, SEACHADADH AGUS ATHBHREITHNIÚ CLÁR ... 19
   - 8.7. MEASÚNÚ COTHROM AGUS COMHSHEASMHACH AR FHOGHLAIMEOIRÍ ... 20
   - 8.8. COSAINT D'FHOGHLAIMEOIRÍ ROLLAITHE ... 24
   - 8.9. SOLÁTHAR COMHOIBRÍOCH ... 24
   - 8.10. CÓRAS THAIFID FOGHLAIMEOIRÍ ... 25
   - 8.11. FÉINMHEASTÓIREACHT AR CHLÁIR AGUS AR SHEIRBHÍSÍ ... 26
9. MEASÚNÚ QQI AR CHÓRAS CÁILÍOCHTA ... 30
   - 9.1. CRITÉIR LE HAGHAIDH CEADÚ ... 31

AGUISÍN GLUAIS TÉARMAÍ ... 32

# 1. RÉAMHRÁ

Tá na Treoirlínte agus na Critéir um Dhearbhú Cáilíochta seo arna n-eisiúint ag QQI bunaithe ar na cinn a bhunaigh an foras a chuaigh roimhe. Eisítear na Treoirlínte agus na Critéir seo mar Threoirlínte QQI faoi Alt 27(1) d'Acht 2012 ar mhaithe le Soláthraithe atá ag déanamh iarratais ar QQI faoi 'Beartas agus Critéir maidir le Rochtain Soláthraí ar Bhailíocht Tosaigh Clár as a Leanann Dámhachtainí QQI, 2013'. Le himeacht ama cuirfear Treoirlínte nua QQI in ionad na dTreoirlínte agus na gCritéar seo faoi Chlár Cuimsitheach Forbartha Beartais QQI.

Leagtar amach sa doiciméad seo treoirlínte agus critéir do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta breisoideachais agus oiliúna. Tá sé beartaithe iad a bheith comhsheasmhach le gach cineál clár agus soláthraí. Cuirtear ar fáil iad d'aird agus d'úsáid na ngrúpaí seo a leanas:

- Soláthraithe breisoideachais agus oiliúna nuair:
  - a bhíonn gnásanna dearbhaithe cáilíochta á mbunú mar ullmhúchán do rochtain ar bhailíochtú tosaigh clár as a leanfaidh dámhachtainí QQI.
  - measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht ag leibhéal na heagraíochta agus/nó ag leibhéil an chláir.
- Iad siúd a bhfuil baint acu le gnásanna dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt.
- Iad siúd a bhfuil baint acu le gnásanna dearbhaithe cáilíochta seachtracha, lena n-áirítear ceadú do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta, bailíochtú clár, monatóireacht ar cháilíocht, athbhailíochtú clár (athbhreithniú cláir roimhe seo) agus athbhreithniú institiúideach.

Níl na treoirlínte seo beartaithe lena n-úsáid ag na grúpaí seo a leanas:

- Soláthraithe a bhfuil comhaontú DC reatha acu le hIar-Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC).
- Soláthraithe nasctha mar atá sainmhínithe in Acht 2012.
- Soláthraithe a thairgeann cláir as a leanann dámhachtainí atá ailínithe leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.
- Soláthraithe Mhúineadh an Bhéarla.

# 2. DEARBHÚ CÁILÍOCHTA SA BHREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

## 2.1. DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

In úsáid ghinearálta ciallaíonn an téarma 'dearbhú cáilíochta' (DC) 'leibhéal inmhianaithe cáilíochta a choinneáil i seirbhís nó i dtáirge, go háirithe trí aird a dhíriú ar gach céim den phróiseas seachadta nó táirgthe'. Go bunúsach is é seo an bhrí atá leis in oideachas agus oiliúint, go háirithe maidir le dearbhú cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí - féach thíos. Díreofar i ndearbhú cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí ar oibleagáidí reachtacha uile soláthraithe agus ba cheart go rachadh sé chomh fada le réimsí sonracha lena n-áirítear teagasc, measúnú, curaclam,

timpeallacht foghlama, acmhainní daonna (lena n-áirítear foireann teagaisc), inrochtaineacht, seirbhísí tacaíochta foghlaimeora, airgeadas, pleanáil, comhpháirtíochtaí, rialachas, bainistíocht, etc.

## 2.2. DEARBHÚ CÁILÍOCHTA FAOI ÚINÉIREACHT AN TSOLÁTHRAÍ AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA SEACHTRACH

Is minic a fhéachtar ar an téarma dearbhú cáilíochta mar rud a chuireann aonán amháin i bhfeidhm ar eintiteas eile i.e. tiomáinte go seachtrach. San oideachas agus san oiliúint, áfach, is é an dearbhú cáilíochta faoi thiomáint inmheánach agus faoi úinéireacht an tsoláthraí is tábhachtaí.

I dtéarmaí an-ghinearálta, tagraíonn dearbhú cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí do na meicníochtaí agus na gnásanna arna bhforbairt agus arna nglacadh ag soláthraithe chun leibhéal inmhianaithe seirbhísí agus táirgí a bhaint amach agus a choinneáil. Beidh tionchar ag spriocanna an tsoláthraí agus ag a oibleagáidí seachtracha ar an leibhéal inmhianaithe (mar shampla, do rialtóirí agus do chomhlachtaí reachtúla agus gairmiúla).

Baineann dearbhú cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí le cleachtas a phleanáil, a shainiú, a spreagadh, a mheasúnú agus a fheabhsú. Tá sé bunaithe ar neamhspleáchas an tsoláthraí agus ar inniúlacht ghairmiúil na foirne. Bunaítear é ar theoiric agus ar thaithí phraiticiúil an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. Ceanglaíonn sé ar sholáthraithe:

- freagracht iomlán a ghlacadh as cáilíocht na gclár agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil dá bhfoghlaimeoirí
- glacadh leis go n-éileoidh aschuir cháilíochta cur chuige comhsheasmhach i leith gach gné de ghníomhaíocht an tsoláthraí - mar eagraíocht agus mar sholáthraí clár oideachais agus oiliúna
- a thuiscint gur cheart go mbeadh beartais agus gnásanna dearbhaithe cáilíochta ina n-acmhainní dinimiciúla, ag gabháil agus ag cur an dea-chleachtais in iúl i ngach gné de ghníomhaíochtaí an tsoláthraí
- táscairí ríthábhachtacha cáilíochta a bhunú agus monatóireacht rialta a dhéanamh orthu
- aon easnaimh thromchúiseacha a aithníodh a leigheas go pras
- bealaí a lorg chun feidhmíocht a fheabhsú i gcomparáid le táscairí
- úsáid a bhaint as tagarmharcáil agus piarathbhreithniú chun foghlaim ó phiaraí
- faisnéis inchreidte agus chiallmhar a sholáthar ar cháilíocht institiúideach agus ar cháilíocht na gclár a chuirtear ar fáil do gheallsealbhóirí.

Faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012, tá freagracht ar QQI as dearbhú cáilíochta seachtrach i leith soláthraithe ábhartha. Cé go mbíonn rialáil i gceist go ginearálta le dearbhú cáilíochta seachtrach, tá na cuspóirí ginearálta céanna i gceist leis agus a bhíonn i gceist leis an dearbhú cáilíochta atá faoi úinéireacht an tsoláthraí — leibhéal inmhianaithe cáilíochta a choinneáil i seirbhísí agus i dtáirgí oideachais agus oiliúna. Baineann QQI amach an dá chuspóir seo trí:

- critéir agus treoirlínte a bhunú maidir le dearbhú cáilíochta atá faoi úinéireacht an tsoláthraí
- próisis mhonatóireachta agus athbhreithnithe chun cur i bhfeidhm agus éifeachtacht gnásanna dearbhaithe cáilíochta atá faoi úinéireacht an tsoláthraí a chinntiú.

### 2.3. DEARBHÚ CÁILÍOCHTA QQI

Mar eagraíocht, tá QQI freagrach as córas inmheánach um dhearbhú cáilíochta a bhunú agus a choinneáil. Tá sé féin faoi réir athbhreithniú seachtrach ag ENQA de réir Chuid 3 de na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais.

## 3. CUSPÓIR TREOIRLÍNTE

Tá na treoirlínte seo ceaptha le cabhrú le soláthraí córas dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt, atá oiriúnach dá chomhthéacs féin, a chuirfidh a chláir agus a sheirbhísí chun cinn agus a thacóidh lena gcáilíocht.

Ní fhorordaíonn na treoirlínte *conas* ar cheart do sholáthraithe a gcuid oibre a dhéanamh ach sonróidh siad na réimsí soláthair a mheasann QQI a bheith ríthábhachtach don cháilíocht agus a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh soláthraithe beartais agus gnásanna a bhunú agus a chur i bhfeidhm ina leith. Tá sé ríthábhachtach do sholáthraithe a thuiscint nach lámhleabhar 'conas' iad na treoirlínte seo. Ina ionad sin, is faoi na soláthraithe atá sé córas cáilíochta a bhunú lena n-áireofar gnásanna oibríochtúla agus córas athbhreithnithe chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngnásanna sin.

Glactar go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta leis an tábhacht a bhaineann le dearbhú cáilíochta chun a chinntiú go mbíonn oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán agus go bhfreagraíonn siad do riachtanais foghlaimeoirí. Is fianaise é seo ar fhorbairtí ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta araon trínar leagadh síos comhthéacs tacúil do na treoirlínte seo. Ar an leibhéal Eorpach, tá dearbhú cáilíochta VET/FET ina ábhar comhoibrithe Eorpach ó thús na 2000idí agus ba é Moladh EQAVET in 2009 a tháinig as. Is é an tiománaí náisiúnta an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (2012), ina leagtar amach oibleagáidí sonracha do sholáthraithe maidir le gnásanna dearbhaithe cáilíochta agus ina gceanglaítear ar QQI treoirlínte a eisiúint ina leith.

## 4. PRIONSABAIL

Is iad na prionsabail atá mar bhonn agus taca le cur chuige QQI maidir le dearbhú cáilíochta sa bhreisoideachas agus oiliúint:

- is ar na soláthraithe atá an phríomhfhreagracht maidir le cáilíocht agus dearbhú cáilíochta
- is gá pleanáil, acmhainní agus tiomantas chun dearbhú cáilíochta a bhaint amach

- ní mór feabhsú leanúnach a bheith mar sprioc ag próiseas dearbhaithe cáilíochta
- ba cheart go bhfeabhsódh córais cháilíochta trédhearcacht
- braitheann córais cháilíochta ar an gcomhthéacs i.e. beidh tionchar ag scála agus scóip sholáthar an tsoláthraí ar an gcaoi a bhfeidhmíonn sé dearbhú cáilíochta
- tá sé ríthábhachtach go mbeadh úinéireacht agus tuiscint ag lucht bainistíochta agus ag an bhfoireann ar chóras cáilíochta an tsoláthraí

## 5. COMHPHÁIRTEANNA CHÓRAS DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA SOLÁTHRAÍ

Ba cheart go mbeadh córas dearbhaithe cáilíochta doiciméadaithe ag soláthraí lena n-áirítear:

- **Misean** na heagraíochta chun soiléiriú a dhéanamh ar a ról mar sholáthraí clár oideachais agus oiliúna.
- **Ráitis bheartais** ina dtaispeántar tuiscint iomlán ar oibleagáidí reachtúla an tsoláthraí i ngach ceann de raon réimsí a shonraítear i gCuid 7 thíos. Beidh na beartais mar bhonn eolais do:
  - lucht bainistíochta agus baill foirne maidir leis na cuir chuige ginearálta le leanúint ina gcuid oibre
  - foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara eile maidir leis an méid ar féidir leo a bheith ag súil leis ón soláthraí.
- Na **Gnásanna** atá deartha chun na beartais a chur i bhfeidhm.
- **Córas Monatóireachta Inmheánach** trína ndéanfar seiceáil rialta ar éifeachtacht na ngnásanna agus a fheidhmeoidh mar chóras luathrabhaidh i réimsí soláthair a dteastaíonn feabhsú uathu. Ba cheart go n-áireofaí leis sin úsáid sonraí a bhailítear agus a chuirtear i gcomparáid le táscairí. Mar shampla: rátaí críochnaithe agus forchéimnithe.
- **Córas Féinmheastóireachta** trína ndéanfaidh an soláthraí athbhreithniú agus tuairisciú ar cháilíocht a chuid clár agus seirbhísí féin. Áireofar le gach meastóireacht den sórt sin tuairimí na bhfoghlaimeoirí agus meastóirí neamhspleácha a bheidh in ann comparáidí a dhéanamh le soláthar eile dá leithéid.
- Córas chun freagairt a thabhairt ar thorthaí féinmhonatóireachta agus athbhreithnithe ina ndíreofar ar réimsí le **feabhsú** agus a thógfaidh ar réimsí cumais. Tá sé tábhachtach go n-úsáideann soláthraithe táscairí/tagarmharcanna ar féidir sonraí cláir a chur i gcomparáid lena n-aghaidh.Córas féinmheastóireachta trína ndéanfaidh an soláthraí athbhreithniú agus tuairisciú ar cháilíocht a chláir féin agus seirbhísí gaolmhara.

Mínítear na comhpháirteanna seo níos doimhne thíos.

Is féidir le córas cáilíochta a bheith ann i soláthraithe beaga chomh maith le soláthraithe móra. Go ginearálta beidh córas íosta, a bheidh curtha in iúl go maith agus comhtháite i ngnáthghníomhaíochtaí an tsoláthraí, níos éifeachtaí ná ceann atá ró-mhaorlathach.

### Beartais agus Gnásanna

Tá sé tábhachtach go n-úsáideann soláthraithe táscairí/tagarmharcanna ar féidir sonraí cláir a chur i gcomparáid leo.

De ghnáth is iad beartais agus gnásanna na slite a gcuireann eagraíocht in iúl an tslí a n-oibreoidh sé próiseas nó seirbhís ar leith. Baineann an difríocht eatarthu le leibhéal na sonraí a fhaightear iontu araon.

Ba cheart go léireodh beartais agus gnásanna soláthraí na nithe seo a leanas:

A. tuiscint shoiléir ar a oibleagáidí, reachtúla agus eile, chun próiseas nó seirbhís a chur ar fáil

B. an mhodheolaíocht trína gcuirfear an próiseas i gcrích a bheith soiléir agus uilechuimsitheach agus na freagrachtaí sannta.

Is faoi sholáthraithe atá sé a gcuid beartas agus gnásanna a eagrú ar an mbealach is oiriúnaí dá gcomhthéacs féin agus do riachtanais agus d'ionchais a gcuid foghlaimeoirí.

## 5.1. BEARTAIS

Is ráiteas doiciméadaithe é beartas ar phrionsabail agus ar chur chuige an tsoláthraí i leith réimse áirithe oideachais/oiliúna. Ba cheart go mbeadh sé ag teacht le Misean foriomlán an tsoláthraí agus ba cheart go soláthródh sé réasúnaíocht bhuntaca don fhoireann atá ag obair sa réimse áirithe sin. Is uirlis é ar féidir trínar féidir le soláthraí foghlaimeoirí reatha agus ionchasacha a chur ar an eolas faoin mhéid is féidir a bheith ag súil leis ón soláthraí sin. Ceann de na príomhchoinníollacha is gá chun an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur i bhfeidhm go rathúil is ea faisnéis chruinn agus ábhartha a sholáthar d'fhoghlaimeoirí.

Ní bheidh mórán sonraí sna beartais maidir le modheolaíochtaí cur chun feidhme ach ba chóir go léireodh siad do QQI agus do dhaoine eile go bhfuil tuiscint iomlán ag an soláthraí ar a chuid oibleagáidí a eascraíonn as an reachtaíocht, go háirithe an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (2012). Le mionsonraí a fháil ar bheartais an QQI a thagann ó Acht 2012, féach www.qqi.ie

Chun a bheith éifeachtach, ní mór beartas a scaipeadh orthu siúd go léir a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an eolas.

## 5.2. GNÁSANNA

Chun cleachtas a dhéanamh de bheartas, ní mór é a bhriseadh síos i bhfoirm gnás soiléir sothuigthe amháin nó níos mó. Is ráitis iad seo ar an gcaoi a gcuirfear na próisis i gcrích agus beidh siad bunaithe ar an mbeartas i dtrácht.

Ba cheart go sonrófaí sa ghnás a chlúdaíonn aon bheartas na nithe seo a leanas ar a laghad:

- teideal - baineann sé leis an tasc(na tascanna) a bhfuil sé ceaptha a dhéanamh
- modh(anna) - an gníomh/na gníomhartha a úsáideadh chun cuspóir an ghnáis a chomhlíonadh
- freagracht - cé a dhéanann an gníomh(anna)
- fianaise tháscach - cad is féidir le monatóir a sheiceáil le deimhniú go raibh an gnás éifeachtach
- monatóireacht - cé a dhéanfaidh é, cé chomh minic, conas etc.

## 5.3. MONATÓIREACHT INMHEÁNACH

Scríobhtar beartais agus gnásanna le súil go mbeidh siad éifeachtach. Ní ráthaítear éifeachtúlacht, áfach, agus ní mór don fhoireann ainmnithe laistigh den soláthraí monatóireacht rialta a dhéanamh air. Is gá gnásanna a mheastar a bheith neamhéifeachtúil a leasú nó a athsholáthar. Is cuid ríthábhachtach é seo de chóras dearbhaithe cáilíochta agus is féidir é a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, cuid acu foirmiúil, cuid eile nach bhfuil chomh foirmiúil sin; tá sé tábhachtach, áfach, go mbeadh sé córasach agus comhsheasmhach.

Ba cheart go bhfeidhmeodh an mhonatóireacht inmheánach mar chóras luathrabhaidh agus go n-aithneofaí réimsí soláthair atá ag seachadadh cáilíochta agus iad siúd nach bhfuil. Chun é seo a dhéanamh, beidh ar sholáthraí tomhas cáilíochta atá oiriúnach don réimse agus ar féidir é a sheiceáil le linn monatóireachta a shainaithint. Mar shampla: rátálacha sástachta foghlaimeoirí, rátaí deimhnithe, ábharthacht na dtorthaí don mhargadh, leibhéil earráide etc. Nuair a thugann an tomhas le fios go bhfuil easpa cáilíochta ann, ní mór beart leasúcháin a aithint agus a dhéanamh. D’fhéadfadh go gciallódh sé sin gur gá an gnás ábhartha a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí nó gur gá an gnás nó an beartas a nuashonrú. Ar an mbealach seo déantar feabhsú leanúnach a thabhairt i gcrích.

Beifear ag súil le córas soiléir agus a d’fhéadfadh a bheith éifeachtach maidir le monatóireacht inmheánach ar aon chóras cáilíochta a chuirtear isteach do cheadú QQI.

## 5.4. FÉINMHEASTÓIREACHT AGUS FEABHSÚ

Is cuid bhunúsach dá chóras dearbhaithe cáilíochta é féinmheastóireacht soláthraí ar a chuid clár agus seirbhísí féin agus ceanglaítear í faoi théarmaí an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (2012).

Is é cuspóir na féinmheastóireachta éifeachtúlacht na gclár, na seirbhísí agus an chórais dearbhaithe cáilíochta a thacaíonn leo a iniúchadh, a léiriú agus a thuairisciú. Agus é sin á dhéanamh, is féidir dea-chleachtais atá ann cheana féin a aithint agus a choinneáil agus is féidir réimsí ar gá iad a fheabhsú a aithint agus díriú orthu.

Is gnách gurb é minicíocht agus scála an t-idirdhealú idir féinmhonatóireacht leanúnach inmheánach agus féinmheastóireacht fhoirmiúil. Beidh fócas mór ar fhéinmheastóireacht, mar shampla, clár amháin nó níos mó, éifeachtacht an chórais cháilíochta, agus beidh sé sách annamh. De réir an dlí, ceanglaítear ar sholáthraí foghlaimeoirí agus duine neamhspleách seachtrach a bheith páirteach i seoladh athbhreithnithe. Tugann féinmheastóireacht deis freisin dul i mbun idirphlé ríthábhachtach le fostóirí, soláthraithe ardoideachais agus gníomhairí ar bith eile a bhaineann leis an gclár agus leis an úsáid a bhaineann foghlaimeoirí as.


Tá dhá thoradh ar fhéinmheastóireacht:

- **Tuarascáil Féinmheastóireachta** ina mbeidh torthaí agus moltaí le haghaidh feabhsúcháin.
- **Plean Feabhsúcháin** a cheanglóidh ar an soláthraí gníomhartha a chur i bhfeidhm chun tógáil ar mholtaí na tuarascála, ionas go ndéanfar réimsí dea-chleachtais a chomhdhlúthú agus go ndíreofar ar réimsí a dteastaíonn feabhsú uathu.

## 6. EQAVET - AN COMHTHÉACS EORPACH

Dírítear soláthraithe chuig Creat EQAVET, an tionscnamh Eorpach um dhearbhú cáilíochta sa bhreisoideachas agus san oiliúint, atá deartha chun uirlisí a sholáthar do bhainistiú cáilíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Tá bonn reachtach aige sa Mholadh ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa[1]. Cuireann an QQI go gníomhach le hobair EQAVET ar leibhéal Eorpach agus tá na treoirlínte seo deartha le bheith comhlántach leis.

Tá an creat seo bunaithe ar an Timthriall Cáilíochta (Fíor 1) arna fhorlíonadh ag táscairí, cás-staidéir agus ábhar foghlama. Trí chloí amhlaidh le samhail ardleibhéil cáilíochta arna thacú ag acmhainní dírithe, is féidir le heintitis ag leibhéal an tsoláthraí agus an chórais araon i dtíortha ar fud an Aontais an creat a chomhlíonadh, ach freisin an comhthéacs agus na srianta a fhorchuirtear le ceanglais náisiúnta/réigiúnacha a léiriú.




Fíor 1. Timthriall Cáilíochta

1 Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta a bhunú don Ghairmoideachas agus don Ghairmoiliúint'. http://ec.europa.eu/education/lifelong-learning-policy/eqavet

Forlíontar an creat EQAVET le taithí soláthraithe san Aontas a bhfuil creata cáilíochta curtha i bhfeidhm acu cheana atá ailínithe le EQAVET chun próisis dearbhaithe cáilíochta a bhunú agus a neartú. Tá téamaí i bpáirt, liostaithe thíos, ag eascairt as obair na soláthraithe seo a dhéanann rúnaíocht EQAVET a bhailiú agus a scaipeadh:

- Cultúr Bainistíochta
- Léiríonn cuir chuige tosca an tsoláthraí
- Cultúr féinmheasúnaithe i.e. athbhreithniú
- Tacaíocht d'oiliúint foirne
- Úsáid sonraí agus aiseolas le haghaidh feabhsú
- Rannpháirtíocht geallsealbhóirí.

Beifear ag súil go léireoidh córais cháilíochta soláthraithe a chuirtear isteach le haghaidh faomhadh QQI creat EQAVET. Gheofar tuilleadh sonraí ach féachaint do www.eqavet.eu. Tairgeann uirlis ar líne tacaíocht agus comhairle maidir leis na próisis feidhmiúcháin atá ailínithe le creat EQAVET. Ina theannta sin, soláthraíonn an creat cás-staidéar agus táscairí a bheidh ina n-acmhainní luachmhara do sholáthraithe ar mian leo foghlaim ó obair daoine eile.

# 7. RÉIMSÍ ATÁ LE DEARBHÚ Ó THAOBH CÁILÍOCHTA

Tá na híosréimsí soláthair oideachais/oiliúna liostaithe sa tábla thíos nach mór do sholáthraithe a dhearbhú ó thaobh cáilíochta trí chóras mar atá leagtha thuas.

Tiomsaíodh an liosta réimsí trí chomhairliúchán agus léiríonn sé croílár na forbartha gairmiúla, an tseachadta agus an athbhreithnithe ar chláir i gcomhthéacs na reachtaíochta reatha. Baineann an chuid is mó de na réimsí seo le cleachtais atá ann cheana féin a mbeadh aon soláthraí seanbhunaithe clár deimhnithe oideachais agus oiliúna eolach orthu. Bítear ag súil go n-aithneoidh soláthraí conas a chuirtear na cleachtais sin i gcrích laistigh dá sholáthar agus é sin a dhéanamh.

Beidh sé seo mar phointe tosaigh le haghaidh feabhsúcháin sa todhchaí mar beidh ar an soláthraí freisin na meicníochtaí a shonrú trína ndéanfar monatóireacht ar an gcleachtas seo agus, nuair is gá, chun é a fheabhsú le himeacht ama.

Tá cuid de na réimsí, mar shampla Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú agus Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe, á dtiomáint ag ceanglais Achtanna na gCáilíochtaí agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh soláthraithe nár thairg dámhachtainí ón gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí roimhe seo ar an eolas faoi sin. Sna cásanna seo, táthar ag súil go n-úsáidfidh soláthraithe na treoirlínte seo chun an méid a theastaíonn uathu faoin reachtaíocht a shainaithint agus a chur i bhfeidhm. Beidh doiciméid bheartais ar leith ag QQI ar réimsí dá leithéid, ar cheart do sholáthraithe iad a léamh.

| Réimse | |
|---|---|
| **Bainistíocht Cáilíochta** | • Freagracht Bainistíochta<br>• Freagrachtaí Ainmnithe<br>• Bainistíocht Faisnéise |
| **Earcú agus Forás Foirne** | • Earcú Foirne<br>• Cumarsáid leis an bhFoireann<br>• Forás Foirne |
| **Teagasc agus Foghlaim** | • Aiseolas ón bhFoireann<br>• Aiseolas ó Fhoghlaimeoirí<br>• Aiseolas Eile<br>• Acmhainní Foghlama |
| **Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú** | • Eolas d'Fhoghlaimeoirí<br>• Socruithe Iontrála d'Fhoghlaimeoirí<br>• Aitheantas Réamhfhoghlama<br>• Éagsúlacht a Éascú |
| **Forbairt, Seachadadh agus Athbhreithniú Clár** | • Forbairt & Ceadú Clár<br>• Seachadadh Clár<br>• Taifid Foghlaimeoirí<br>• Athbhreithniú Cláir |
| **Measúnú Cothrom agus Comhsheasmhach ar Fhoghlaimeoirí** | • Pleanáil<br>• Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí<br>• Slándáil<br>• Socrú Réasúnta<br>• Measúnú Cianfhoghlama/ríomhfhoghlama<br>• Aiseolas d'Fhoghlaimeoirí<br>• Fíorú Inmheánach<br>• Fíordheimhniú Seachtrach<br>• Ceadú Torthaí<br>• Achomhairc Foghlaimeoirí |
| **Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe** | • Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe |
| **Soláthar Comhoibríoch** | • Socruithe Conarthacha<br>• Socruithe Tuairiscithe |
| **Féinmheastóireacht ar Chláir agus ar Sheirbhísí** | • Sannadh Freagrachta<br>• Minicíocht<br>• Rannpháirtíocht Foghlaimeoirí<br>• Roghnú Meastóra Seachtraigh<br>• Tuairisciú |

# 8. TREOIRLÍNTE

Liostaítear thíos na treoirlínte do gach ceann de na réimsí soláthair nach mór do sholáthraithe a gcáilíocht a dhearbhú.

## 8.1. RIALACHAS

Ba cheart go mbeadh córas ag soláthraí chun obair na heagraíochta a mhaoirsiú chun a bailíocht a chinntiú. Ba cheart go ndéanfadh an córas seo, ar a dtugtar struchtúr rialachais go minic, leithroinnt freagrachtaí a fhorfheidhmiú idir iad siúd a tháirgeann/a fhorbraíonn ábhar/ábhair agus iad siúd a fhormheasann é.

Ba cheart go mbeadh grúpaí san áireamh sa struchtúr trína bhformheastar:

- dréachtchláir sula gcuirtear isteach iad le haghaidh bailíochtú
- torthaí foghlaimeora sular cuireadh isteach iad le haghaidh deimhniúcháin
- tuarascálacha féinmheastóireachta agus feabhsúcháin clár sula gcuirtear isteach iad.

Ba cheart na grúpaí seo a shainaithint ar chairt eagraíochta an tsoláthraí agus ba cheart a dtéarmaí tagartha a dhoiciméadú.

Ba cheart do sholáthraithe a bhfuil a scála chomh beag sin nach féidir leo coistí inmheánacha a bheith acu socruithe malartacha a dhéanamh chun maoirseacht oibiachtúil a bheith acu.

## 8.2. BAINISTÍOCHT CÁILÍOCHTA

Tá sé ríthábhachtach do sholáthraí cláí oideachais agus oiliúna a bheith tiomanta don cháilíocht agus córas acu chun an tiomantas seo a chur i bhfeidhm. Léireoidh córas den sórt sin go dtuigeann soláthraí cad is brí le cláir agus seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh i gcomhthéacs rialaithe agus go scaiptear an tuiscint ar fud na heagraíochta.

Mar a leagtar amach thuas, cuimseoidh gníomhaíochtaí bunúsacha córas bainistíochta cáilíochta laistigh de sholáthraí breisoideachais agus oiliúna na nithe seo a leanas:

- Cur síos ar phróisis - i.e. beartais agus gnásanna doiciméadaithe
- Monatóireacht ar phróisis - i.e. seiceálacha rialta ar éifeachtacht na mbeartas agus na ngnásanna. Tá sé tábhachtach go bhforbróidh soláthraithe táscairí/sonraí ar féidir iad a úsáid chun éifeachtacht a thomhas.
- Féinmheastóireacht - próiseas chun faisnéis agus sonraí a bhailiú ó raon foinsí, lena n-áirítear foghlaimeoirí, baill foirne, saineolaithe neamhspleácha, fostóirí agus soláthraithe eile a chuideoidh le meastóireacht shubstainteach agus réadúil a dhéanamh ar an bpróiseas nó ar an gclár atá á athbhreithniú.
- Struchtúir rialachais (tag 8.1 thuas)

Ba cheart do sholáthraí a chóras cáilíochta a dhoiciméadú go hiomlán, i gcóip chrua / bhog. Beidh **Beartas Cáilíochta** ann ina leagfar amach tiomantas an tsoláthraí do chláir agus do sheirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht.

Ba cheart go soiléireofaí sa bheartas:

**Freagracht na Bainistíochta**: conas a fheidhmeoidh an bhainistíocht a freagracht chun a chinntiú go mbeidh dóthain acmhainní ann chun an córas cáilíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

**Freagracht Ainmnithe**: sainaithneofar i gcairt na heagraíochta ról(róil) ar leith a mbeidh freagracht air as bainistíocht cáilíochta.

**Córais Faisnéise**: conas a chuirfear rialuithe agus struchtúir i bhfeidhm chun sonraí/tuarascálacha ainmnithe a chruthú a chuirfear in iúl don bhainistíocht chun críocha monatóireachta agus pleanála. Ba cheart don soláthraí bearta cainníochtúla cuí a shainaithint ar féidir iad a úsáid mar thagarmharcanna/táscairí, mar shampla:

- Uimhreacha in aghaidh an chláir
- Próifílí foghlaimeoirí
- Rátaí sástachta foghlaimeoirí
- Rátaí críochnaithe - an céatadán díobh siúd a thosaíonn ar chlár a ghnóthaíonn dámhachtain
- Rátaí deimhnithe, lena n-áirítear anailís ar ghráid
- Laethanta forbartha foirne

## 8.3. EARCÚ AGUS FORÁS FOIRNE

Príomhdhéitearmanant maidir le cáilíocht cláir nó seirbhíse is ea cumas na ndaoine atá freagrach as é a theagasc/a sholáthar. Tá sé riachtanach go mbeadh cur chuige córasach ag gach soláthraí maidir le hearcú agus forbairt ghairmiúil bhreise na ndaoine atá ag gabháil do sheachadadh clár agus seirbhíse. Ba cheart don soláthraí a chinntiú go háirithe go bhfuil go leor taithí agus saineolas ag an bhfoireann chun a róil ainmnithe a chomhlíonadh. Ba cheart do sholáthraithe a chinntiú freisin go bhfuil rochtain ag baill foirne ar thacaíocht agus ar dheiseanna forbartha bunaithe ar chur chuige córasach chun a riachtanais oiliúna agus forbartha gairmiúla leanúnaí a aithint.

Ba chóir go léireofaí i mbeartas an tsoláthraí sa réimse seo a thiomantas d'fhoireann atá cáilithe go cuí a cheapadh do ról an mhúinteora/teagaisc agus deiseanna a sholáthar le haghaidh tuilleadh forbartha.

Ba cheart go ndíreofaí sna gnásanna gaolmhara ar na réimsí seo a leanas:

### Earcú Foirne

Ba cheart na critéir ghinearálta agus an cur chuige a úsáidtear chun foireann an chláir a cheapadh a lua go soiléir. I gcás inar gá, ba cheart critéir roghnúcháin níos mionsonraithe a úsáid.

**Cumarsáid leis an bhFoireann**

Ba chóir go mbeadh sé soiléir conas a dhéantar tuairimí na mball foirne a chomhordú agus a úsáid ar bhonn tréimhsiúil agus leanúnach trí phróisis mhonatóireachta inmheánaí agus athbhreithnithe clár. Ba chóir go mbeadh sé soiléir freisin conas a choinnítear baill foirne ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhaineann lena réimsí cláir.

Ní bheidh córas cáilíochta éifeachtach ann gan tuiscint agus toiliú na foirne. Mura bhfuil an fhoireann ábhartha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí agus faoin tábhacht a bhaineann leo, ní oibreoidh próisis go héifeachtach.

**Forás Foirne**

Tá forbairt leanúnach ar acmhainn foirne ríthábhachtach do cháilíocht an chláir. Ní mór meicníocht a bheith i bhfeidhm chun aiseolas a thabhairt do bhaill foirne ar a láidreachtaí agus ar na réimsí a dteastaíonn feabhsú iontu.

Ní mór pleanáil agus acmhainní a bheith tiomanta do riachtanais oiliúna foirne a aithint agus a fhuascailt.

## 8.4. TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Ba chóir go ndéanfadh soláthraithe monatóireacht leanúnach ar cháilíocht eispéiris foghlama na bhfoghlaimeoirí agus ba chóir go mbeadh beartas i bhfeidhm chun é seo a éascú. Ba chóir go luafaí sa bheartas tiomantas an tsoláthraí do mhonatóireacht agus d'fheabhsú a dhéanamh ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama ar a chlár agus ba chóir go mbeadh gnásanna gaolmhara ann ina soiléirítear conas a chuirfear an beartas i bhfeidhm. Ba cheart go ndíreofaí sna gnásanna gaolmhara ar na réimsí seo a leanas:

**Aiseolas ón bhFoireann:** Ba cheart an fhoireann a spreagadh agus a éascú chun machnamh cuiditheach a dhéanamh ar a dtaithí ar chláir agus úsáid a bhaint as machnamh den sórt sin chun feabhsuithe a dhéanamh de réir mar is gá. Tá sé tábhachtach go mbaileofaí aiseolas den sórt sin agus go gcuirfí i láthair é lena bhreithniú ag an mbainistíocht.

**Aiseolas ó Fhoghlaimeoirí:** Ba chóir tuairimí na bhfoghlaimeoirí a lorg ar bhonn rialta agus an t-aiseolas a úsáid chun feabhsuithe ar an gclár a dhéanamh de réir mar is gá. Ní hamháin go gclúdófaí sa ghnás conas a bhailítear aiseolas, agus conas a dhéantar anailís air agus conas a dhéantar gníomhú air de réir mar is cuí.

Ba cheart aiseolas a lorg ar shaincheisteanna mar:

- Ábhar na gclár
- Modhanna seachadta
- Teagasc agus Foghlaim
- Acmhainní Foghlama
- Measúnú
- Faisnéis

- Seirbhísí Tacaíochta
- Socruithe maidir le héagsúlacht - mar shampla, cainteoirí nach é an Béarla a máthairtheanga, daoine faoi chumas

**Aiseolas ó fhoinsí eile:** Tá sé tábhachtach go mbaileofaí a mhinice is féidir tuairimí na ngeallsealbhóirí seachtracha maidir le héifeachtacht clár. Ar na foinsí féideartha tá:

- ·Fostóir
- ·Cuideachtaí a chomhoibríonn in oiliúint obairbhunaithe
- ·Foghlaimeoirí a chríochnaigh cláir roimhe seo.

Ba chóir don soláthraí a shoiléiriú conas a dhéanfaidh sé an t-aiseolas a bhailítear ón bhfoireann, ó fhoghlaimeoirí agus ó dhaoine eile a chur in iúl agus a úsáid.

Tá cultúr na féinmheastóireachta/an mhachnaimh ar mhaithe le feabhsú le moladh ag gach leibhéal den eagraíocht.

**Acmhainní Foghlama:** ba chóir dóthanacht na n-acmhainní atá ar fáil agus a theastaíonn don fhoghlaim éifeachtach a sheiceáil go rialta. Athróidh na hacmhainní seo de réir an chláir ach beidh na cinn seo a leanas de dhíth i gcónaí:

- Áiseanna TF
- Ábhair léitheoireachta
- Seirbhís threorach agus seirbhísí tacaíochta eile.

## 8.5. ROCHTAIN, AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ

Leagtar amach san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (2012) freagrachtaí QQI agus soláthraithe sna réimsí Rochtana, Aistriú agus Forchéimnithe. Bíonn freagrachtaí an tsoláthraí a bheag nó a mhór mar a bhí roimh an reachtaíocht seo, ach tá béimeanna méadaithe i réimsí áirithe, go háirithe i bhFaisnéis d'Fhoghlaimeoirí.

Ba chóir go léireodh beartas an tsoláthraí a fheasacht ar a dhualgais ag éirí as an reachtaíocht agus ba chóir go léireodh sé tiomantas an tsoláthraí d'fhoghlaimeoirí a chumasú chun:

- roghanna eolasacha a dhéanamh maidir leis an gclár/na cláir atá ar fáil
- dul isteach i gclár ina dtabharfar aitheantas do réamhfhoghlaim agus a bheidh gan bacainní neamhriachtanacha
- páirt a ghlacadh go rathúil i gclár
- aistriú nó dul ar aghaidh, nuair is mian leo, chuig clár eile a thairgeann an soláthraí nó daoine eile as a leanfaidh dámhachtain atá laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Ba cheart go léireodh na gnásanna gaolmhara conas a chomhlíonfar na hoibleagáidí sin sna réimsí seo a leanas.

## 8.5.1. ROCHTAIN

Baineann na príomhimpleachtaí maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú i gcórais dearbhaithe cáilíochta soláthraithe le Rochtain. Beifear ag súil go n-éascóidh soláthraithe, oiread agus is féidir, iontráil foghlaimeoirí agus a rannpháirtíocht rathúil i gclár. Déanfaidh siad é seo trína ghnásanna maidir le Soláthar Faisnéise, Iontráil Foghlaimeoirí, Aitheantas Réamhfhoghlama agus Éascú na hÉagsúlachta.

**Eolas d'Fhoghlaimeoirí**

Ba cheart do sholáthraithe a chinntiú go gcuireann siad gach faisnéis chuí faoi chláir ar fáil d'fhoghlaimeoirí ionchasacha agus d'fhoghlaimeoirí reatha. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis seo, go háirithe nuair a úsáidtear í chun críocha margaíochta, cruinn agus níor cheart go gcuirfí daoine amú ann.

Áireofar ar fhaisnéis faoin gclár:

- teideal an chláir (níor cheart go dtiocfadh sé salach ar theideal na dámhachtana)
- struchtúr agus fad an chláir - mar shampla: pointí iontrála agus fágála
- teideal/teidil dámhachtana), cineál dámhachtana, leibhéal(leibhéil) den chreat, foras/forais cháiliúcháin
- riachtanais iontrála
- socruithe chun réamhfhoghlaim ó thaithí nó foghlaim dheimhnithe a aithint
- sceideal measúnaithe, lena n-áirítear achomharc
- deiseanna aistrithe agus forchéimnithe atá ar fáil ar chríochnú an chláir
- táillí iníoctha, más ann dóibh
- socruithe cosanta d'fhoghlaimeoirí rollaithe nuair is cuí
- gnás gearán

Ní mór do sholáthraithe a mhargaíonn agus a thairgeann cláir do mhic léinn idirnáisiúnta nach é an Béarla a gcéad teanga a chinntiú go bhfreastalaíonn gach meán a úsáidtear ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí sin agus go léiríonn siad na riachtanais sin.

Ní mór d'fhaisnéis phoiblí a chuireann soláthraithe ar fáil fúthu féin, a mbeartais agus a ngnásanna dearbhaithe cáilíochta agus a gcláir cloí le ceanglais Acht 2012 ina leagtar amach ceanglais reachtúla soláthraithe maidir le faisnéis phoiblí i.e.

Alt 28 ar nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a ullmhú agus a thuairisciú

Alt 30 maidir le nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a fhoilsiú

Alt 45 maidir le faisnéis a bhaineann le cláir bhailíochtaithe agus neamhbhailíochtaithe

Alt 50 maidir le cláir a chríochnú agus caighdeáin a bhaint amach

Alt 56 maidir le nósanna imeachta rochtana, aistrithe agus forchéimnithe

Alt 61 ar an Marc Oideachais Idirnáisiúnta

Alt 65 ar shocruithe um Chosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe (tag 8.8 thíos)

Alt 67 ar Fhaisnéis d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe

Alt 78 ar Chlár na Soláthraithe

Alt 79 ar bhunachar sonraí na ndámhachtainí agus na gclár.

**Socruithe Iontrála d'Fhoghlaimeoirí**

Ní mór do sholáthraithe a chinntiú go bhfuil a gcuid socruithe chun foghlaimeoirí a roghnú dá gcláir trédhearcach agus cothrom agus gur féidir foghlaimeoirí ionchasacha a chur ar an eolas faoin bpróiseas atá i gceist. Ba chóir do sholáthraithe a chinntiú freisin go bhfuil aon chritéir maidir le hiontráil ar chlár sonraithe go soiléir i mbróisiúir cláir / in aon ábhar ar an suíomh Gréasáin.

Ba cheart foghlaimeoirí nach é an Béarla a gcéad teanga a chur ar an eolas go soiléir maidir le leibhéal an Bhéarla a theastaíonn le rannpháirtiú go rathúil sa chlár agus cé na tacaíochtaí teanga, más ann dóibh, a bheidh ar fáil dóibh.

**Aitheantas Réamhfhoghlama**

Próiseas sainaitheanta, measúnaithe agus aitheantais d'fhoghlaim cibé slí a gnóthaíodh é is ea aitheantas réamhfhoghlama. Gné thábhachtach den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí is ea é agus sainmhínítear é mar '*aitheantas don fhoghlaim a tharla, ach nach gá a bheith measúnaithe nó tomhaiste, roimh dhul isteach i gclár. D'fhéadfadh an réamhfhoghlaim sin a bheith faighte trí bhealaí foirmiúla, neamhfhoirmiúla nó mífhoirmiúla*'.

Ní fheidhmeoidh gach soláthraí aitheantas réamhfhoghlama. Ní mór ceadú chun RPL a oibriú le haghaidh rochtain ar chreidmheas nó le haghaidh dámhachtain a fháil ar dtús ó QQI.

Ceanglaítear ar sholáthraithe ráiteas a chumadh ar na socruithe a sholáthraíonn siad, más ann dóibh, maidir le haitheantas réamhfhoghlama le haghaidh iontráil ar chláir, le haghaidh creidiúint i dtreo dámhachtana agus le haghaidh rochtain ar dhámhachtain.

**Éascú na hÉagsúlachta**

Ní mór féachaint ar rochtain i dtéarmaí an chumais a bheith rannpháirteach go rathúil i gclár gan bacainní neamhriachtanacha a bheith ann. Mar sin ba cheart do sholáthraithe cloí le beartas náisiúnta maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú, le haird ar leith ar fhorálacha ábhartha na reachtaíochta Comhionannais. Beifear ag súil, mar shampla, go gcuirfidh soláthraithe socruithe réasúnacha i bhfeidhm chun cuidiú le mic léinn idirnáisiúnta agus le daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i gcláir agus i seirbhísí.

## 8.5.2. AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ

Bítear ag súil go n-aithneoidh soláthraithe ar son a gcuid foghlaimeoirí, mar chuid d'eolas an chláir, na roghanna aistrithe agus forchéimnithe atá ar fáil dóibh nuair a fhaigheann siad dámhachtain, i.e. cén dámhachtain(í) a bheidh ar fáil dóibh ansin dá roghnóidh siad clár eile a dhéanamh. D'fhéadfadh go n-eascródh na deiseanna seo go díreach ón dámhachtain nó d'fhéadfaí iad a idirbheartú ag leibhéal áitiúil nó náisiúnta.

Agus cláir á ndearadh, ba chóir do sholáthraithe iarracht a dhéanamh, nuair is féidir, dámhachtainí a thairiscint a thabharfadh deis d'fhoghlaimeoirí aistriú nó forchéimniú a dhéanamh más mian leo é sin a dhéanamh, díreach tar éis don dámhachtain a bheith bainte amach nó ar dháta níos déanaí.

## 8.6. FORBAIRT, SEACHADADH AGUS ATHBHREITHNIÚ CLÁR

Is í príomhfheidhm soláthraí oideachais agus oiliúna cláir a fhorbairt agus a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais a gcuid foghlaimeoirí. Tá sé tábhachtach go ndéantar cáilíocht na gclár seo a bhainistiú chun an taithí foghlama is fearr a chinntiú d'fhoghlaimeoirí.

Ba cheart do bheartas soláthraí maidir le Forbairt, Seachadadh agus Athbhreithniú Clár eolas a chur ar fáil d'obair na foirne sin atá ag gabháil do dhearadh agus do sheachadadh clár, ionas go ndéantar cláir a chur le chéile agus a sheachadadh chun ligean d'fhoghlaimeoirí na torthaí foghlama atá riachtanach do dhámhachtain(í) sonraithe CNC a bhaint amach.

Ba cheart go ndíreofaí sna gnásanna gaolmhara ar na réimsí seo a leanas:

**Riachtanais a Shainaithint**: Ba chóir cláir a fhorbairt chun freastal ar riachtanas aitheanta agus i réimsí foghlama ina bhfuil cumas agus saineolas ag an soláthraí. Ba cheart go mbeadh fianaise ar thaighde den sórt sin ar fáil d'aon choiste bainistíochta/rialachais a dhéanann athbhreithniú ar mholadh maidir le clár nua a fhorbairt.

**Dearadh Cláir:** Ba cheart gach clár a dhearadh agus a dhoiciméadú chun riachtanais maidir le bailíochtú clár a chomhlíonadh. Ba cheart go ndéanfadh struchtúr, seachadadh agus modheolaíochtaí measúnaithe clár:

- foghlaimeoirí a éascú chun dámhachtain(í) sonraithe a bhaint amach
- cloí le beartais an tsoláthraí maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú agus measúnú
- misean an tsoláthraí a léiriú
- deiseanna a éascú d'fhoghlaimeoirí, nuair is cuí, le scileanna a chleachtadh i bhfíor-thimpeallacht oibre.

Ba cheart go mbeadh ráitis Cumais Rathúlachta ag gabháil le gach clár, i.e. ráiteas soiléir ar a mbeifear ag súil leis ó fhoghlaimeoir atá ag súil leis an gclár a chríochnú go rathúil.

I gcláir a sheachadfar ar líne, i bhfad i gcéin nó áit a gcaifear méid suntasach den am oiliúna ar shocrúchán nó san ionad oibre, ba chóir go léireodh an ráiteas impleachtaí na socruithe seo d'fhoghlaimeoirí.

I gcláir a thairgtear d'fhoghlaimeoirí nach é an Béarla a gcéad teanga, ba chóir go léireodh an ráiteas an leibhéal Béarla a theastaíonn chun an clár a chríochnú go rathúil.

Ba cheart dearadh an chláir a 'aistriú' go plean ina leagtar amach amchláir/sceidil seachadta. Gheofar treoir bhreise i bhfoilseachán FETAC ar:
Treoirlínte maidir le Tuairisceoirí Clár a Ullmhú

**Soláthar agus cothabháil áiseanna/acmhainní foghlama**: ba chóir acmhainní cláir atá riachtanach do rannpháirtíocht rathúil na bhfoghlaimeoirí a shainaithint, a dhoiciméadú agus a chur i láthair lena gceadú trí phróisis rialachais. Ba cheart go mbeadh na hacmhainní a shonraítear leordhóthanach agus inbhuanaithe. (Ref 8.4 Teagasc agus Foghlaim)

**Ceadú Cláir**: Ba cheart dearadh agus doiciméadú na gclár ar fad a sheiceáil agus formheas a fháil ón mbainistíocht sula gcuirtear faoi bhráid QQI iad lena bhailíochtú. Ní mór taifead a choinneáil a thaispeánann go ndeachaigh cláir nua trí phróiseas formheasta agus maoirseachta (Tag 8.1. Rialachas).

I gcás ina n-éilíonn clár rannpháirtíocht an 'dara' soláthraí/soláthraí eile de bhreis ar an 'gcéad soláthraí', ba cheart go mbeadh soiléireacht ann maidir le raon feidhme comhaontaithe gnásanna dearbhaithe cáilíochta an chéad agus an dara soláthraí.

**Seachadadh Clár** Féach Teagasc agus Foghlaim thuas. Tá an soláthraí freagrach as a chinntiú go bhfuil cuspóirí an chláir á mbaint amach agus tá sé ríthábhachtach go ndéantar monatóireacht éifeachtach ar an tslí a seachadtar an clár.

Ba chóir tuairiscí ar thorthaí measúnaithe agus aiseolas ó fhoghlaimeoirí a chur i láthair go rialta le haghaidh athbhreithniú bainistíochta.

**Taifid Foghlaimeoirí:** Ba cheart taifid ar rannpháirtíocht agus gnóthachtáil an fhoghlaimeora, i.e. tinreamh, dul chun cinn tríd an gclár agus deimhniú, a choinneáil ionas go mbeidh siad inrochtana go héasca nuair is gá.

Ba cheart go mbeadh socruithe ag an soláthraí leis an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do QQI. Áireofar leis sin sonraí le haghaidh táirgeadh dámhachtainí agus anailís staitistiúil.

Ba cheart taifid a choinneáil slán agus rochtain a theorannú do phearsanra údaraithe.

**Áitreabh:** Ba chóir go mbeadh áitreabh/saoráidí fisiceacha inrochtana agus á gcoimeád ar bhealach a chinntíonn sláinte agus sábháilteacht na foirne agus na bhfoghlaimeoirí.

I gcás ina n-úsáidtear áitreabh sealadach, ba cheart critéir roghnúcháin a choinneáil ag teacht le riachtanais an chláir agus riachtanais rochtana na bhfoghlaimeoirí ionchasacha.

## 8.7. MEASÚNÚ COTHROM AGUS COMHSHEASMHACH AR FHOGHLAIMEOIRÍ

Ba cheart an treoirlíne seo a léamh in éineacht le treoirlínte FETAC ar Cháilíocht Mheasúnaithe a Dhearbhú

Caithfidh próisis dhóthanacha agus oiriúnacha a bheith ag soláthraí chun gnóthachtáil an fhoghlaimeora a mheasúnú agus a fhíordheimhniú agus chun torthaí measúnaithe a cheadú. Ní mór dó a bheith in ann a léiriú go bhfuil an measúnú cothrom agus comhsheasmhach; go bhfuil sé i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta; go gcoimeádtar foghlaimeoirí ar an eolas faoi na torthaí a

bhfuiltear ag súil leo agus faoin dul chun cinn atá déanta acu maidir lena ngnóthú.

***Toisc go mbronntar dámhachtainí QQI ar bhonn measúnaithe a dhéanann soláthraithe, tá sé ríthábhachtach go mbeadh measúnú an tsoláthraí oiriúnach don fheidhm agus go mbeadh na torthaí a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí bailí, iontaofa agus gur toradh iad ar phróiseas córasach, atá ó thaobh cáilíochta.***

Ba chóir go léireodh **Beartas** an tsoláthraí **um Measúnú ar Fhoghlaimeoirí** a thiomantas do mheasúnú a dhéanamh le go mbeadh sé:

- Sothuigthe don fhoireann agus do na foghlaimeoirí
- Bailí chun críche dámhachtainí QQI
- Cothrom d'fhoghlaimeoirí, ó thaobh rochtana agus próisis de
- Fíoraithe go hinmheánach mar mheasúnú cothrom agus comhsheasmhach
- Fíordheimhnithe go seachtrach mar mheasúnú atá comhsheasmhach le caighdeáin náisiúnta
- Ag teacht le polasaí agus treoirlínte measúnaithe QQI.

Ba cheart go ndíreofaí sna gnásanna gaolmhara ar na réimsí seo a leanas:

**Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí:** Ba chóir go mbeadh gach eolas ábhartha a bhaineann leis an bpróiseas measúnaithe ar fáil d'fhoghlaimeoirí sula dtosaítear ar an measúnú. Ba cheart go mbeadh sonraí na nithe seo a leanas san fhaisnéis sin:

- modhanna agus sceidil mheasúnaithe
- féilire measúnaithe, lena n-áirítear an dáta deimhniúcháin a bhfuiltear ag súil leis
- coimrí measúnaithe agus critéir ghrádaithe
- próiseas achomhairc
- beartas ar athdhéanamh measúnuithe
- freagrachtaí foghlaimeoirí maidir le measúnú
- na socruithe réasúnta ar fáil.

Ní mór foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi dhámhachtain(í) QQI as a leanann an clár agus faoi na riachtanais mheasúnaithe agus ghrádaithe. Tá an fhaisnéis seo ar fáil trí Eolaire Dámhachtainí ar líne QQI

**Pleanáil Chomhordaithe an Mheasúnaithe:** Ba cheart dearadh, seachadadh agus measúnú clár a chomhordú chun cuidiú le foghlaimeoirí luach a measúnuithe a uasmhéadú ar fud an chláir i.e. déantar measúnú ar mhodúil an chláir a chomhtháthú nuair is féidir agus cuirtear riachtanais na bhfoghlaimeoirí san áireamh agus measúnuithe á sceidealú. Tag Alt 3.2.2 in Cáilíocht le linn Measúnú – Treoirlínte do Sholáthraithe

**Slándáil próiseas agus ábhar a bhaineann le measúnú:** Ba chóir go n-áireofaí i ngnásanna agus i gcórais measúnaithe meicníochtaí chun taifid mheasúnaithe na bhfoghlaimeoirí a thaifeadadh, a stóráil go slán agus a rochtain; go háirithe ba cheart go n-áiritheofaí leis slándáil agus sláine:

- na n-ábhar measúnaithe i.e. tástálacha/achoimrí ar thascanna, scrúduithe srl
- próisis mheasúnaithe i.e. maoirseacht ar thástálacha, fíorú an údair etc.
- obair foghlaimeora i.e. tascanna, trialacha praiticiúla, scripteanna scrúdaithe, obair thionscadail etc.
- taifid ar mheasúnú foghlaimeoirí.

Agus an nós imeachta seo á dhearadh, ba cheart a chur san áireamh go bhféadfadh achomharc ó fhoghlaimeoir a bheith riachtanach mar aon leis an ngá gaolmhar le hábhar measúnaithe agus fianaise eile a choimeád (Rannóga Tagartha 3.2.5, 3.2.4) Cáilíocht Mheasúnaithe a Dhearbhú – Treoirlínte do Sholáthraithe )

**Socruithe Réasúnta:** Ba cheart modheolaíochtaí measúnaithe a oiriúnú de réir mar is gá agus de réir mar is réasúnach; chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí nach é an Béarla a gcéad teanga, iad siúd atá faoi mhíchumas, nó daoine eile atá clúdaithe ag forais na reachtaíochta comhionannais, a bheadh eisiata murach sin as a ngnóthachtáil ar na caighdeáin atá á measúnú a thaispeáint.

Ba cheart go n-aontódh gach duine a bhfuil baint acu le seachadadh agus measúnú an chláir an socrú/na socruithe a úsáidtear. Tag Alt 3.2.8 in Cáilíocht Mheasúnaithe a Dhearbhú – Treoirlínte do Sholáthraithe

**Comhsheasmhacht na marcála idir measúnóirí:** Ba cheart grádú mheasúnuithe na bhfoghlaimeoirí a dhéanamh ar bhealach cothrom comhsheasmhach. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná comparáid a dhéanamh idir na torthaí a baineadh amach thar raon foghlaimeoirí agus measúnóirí chun comhsheasmhacht na marcála a chinntiú. Is féidir é seo a dhéanamh ar bhealaí éagsúla ag brath ar chomhthéacs an ionaid. Mar shampla: cruinnithe foirne cláir, tras-mhodhnóireacht nó sampláil ó fhíoraitheoir inmheánach.

**Measúnú san Ionad Oibre:** Ba cheart measúnú a dhéanann maoirseoirí san ionad oibre agus/nó fostóirí a fhíorú le go mbeidh sé cothrom agus comhsheasmhach le torthaí foghlama na dámhachtana sonraithe. Tá sé ríthábhachtach measúnú den sórt sin a phleanáil agus dóthain mionteagaisc, faisnéise agus ábhar a bheith ag measúnóirí ionad oibre chun measúnú bailí a dhéanamh.

**Measúnú ar Chláir chianfhoghlama/ríomhfhoghlama:** ní mór do sholáthraithe a bheartaíonn cláir a thairiscint ar bhonn cianfhoghlama/ríomhfhoghlama cumas a léiriú chun bailíocht agus comhsheasmhacht an mheasúnaithe a chinntiú nuair a dhéantar é ar an mbonn sin. Tá sé thar a bheith tábhachtach go leagann soláthraí, a bhfuil sé ar intinn aige cláir a thairiscint ina ndéantar cuid mhór den mheasúnú scileanna ar shocrúchán oibre, gnásanna soiléire amach ina ndírítear ar na nithe seo a leanas:

- socruithe measúnaithe a cheadú - cumas measúnóra agus acmhainní oiliúna / measúnaithe
- fíorú na húinéireachta i gcás obair foghlaimeoirí.

**Fíorú Inmheánach:** Tá sé ríthábhachtach go gcinntíonn soláthraithe gur cuireadh gach próiseas measúnaithe i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go bhfíoraítear cruinneas na dtorthaí measúnaithe agus na dtaifead. Tugtar Fíorú Inmheánach (IV) ar an tseiceáil chórasach seo ar phróisis measúnaithe ag soláthraí. Tá sé léirithe ag cleachtas gur féidir go leor earráidí a tharlaíonn

idir seoladh measúnaithe agus cur isteach an mheasúnaithe ina dhiaidh sin lena dheimhniú a aithint agus a cheartú trí ghnásanna córasacha IV. I measc samplaí de sheiceálacha atá le déanamh le linn IV tá:

- fianaise atá in easnamh nó míchuí
- mionteagasc measúnaithe atá in easnamh nó míchuí
- easnamh sonraí, earráidí i dtrascríbhinn/ríomh
- coimhlint aitheantais idir foghlaimeoirí
- sonraí míchruinn a iontráíl - cóid dámhachtana, litriú ainm, torthaí etc.
- neamhréireacht ghrádaithe idir measúnóirí.

**Fíordheimhniú Seachtrach** Nuair a bheidh an fíorú inmheánach críochnaithe, ní mór do sholáthraithe a chinntiú go bhfuil deimhniú oibiachtúil agus údarásach ann go ndearnadh le measúnú cothrom comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí de réir na gcaighdeán náisiúnta. Is fíordheimhnitheoir seachtrach arna cheapadh ag an soláthraí a dhéanfaidh an deimhniú seo. Ba cheart go mbeadh beartas ag soláthraithe maidir le fíordheimhnitheoirí a cheapadh le cinntiú go bhfuil saineolas ábhartha ar an ábhar ag aon duine a cheaptar sa ról agus gur féidir leo aiseolas neamhspleách a thabhairt ar chaighdeán obair foghlaimeoiri agus ar an bpróiseas measúnaithe arna chur i gcrích ag an soláthraí.

Beidh rochtain ag an bhfíordheimhnitheoir ar thuarascálacha a eascraíonn as an bpróiseas fíoraithe inmheánach. Soláthróidh sé/sí tuarascáil agus féadfaidh sé/sí a mholadh go n-athrófaí gráid agus/nó gur gá gnásanna measúnaithe a leasú.

**Ceadú Torthaí:** Tá freagracht ar sholáthraithe as measúnú agus ní mór dóibh na torthaí a cheadú go foirmiúil le cur ar ais chuig QQI lena ndeimhniú. Ba cheart Painéal um Cheadú Torthaí a áireamh mar chuid de rialachas an tsoláthraí a bheidh ionadaíoch ar an bhfoireann bainistíochta agus ar fhoireann an chláir. (Tag 8.1 Rialachas). Tar éis gach tréimhse measúnaithe, ba cheart don Phainéal athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na bhfoghlaimeoirí i bhfianaise ionchur ó fhoireann an chláir, tuairisc(í) fíoraithe inmheánacha agus tuairisc(í) ó fhíordheimhnitheoirí seachtracha. Ba cheart anailís chomparáideach ar ghráid a bheith mar chuid den athbhreithniú.

Ba cheart go gceadódh an Painéal um Cheadú Torthaí iarratas chuig QQI le haghaidh deimhniúcháin.

Féach ar dhoiciméid FETAC dá dtagraítear thuas le haghaidh treoirlínte níos mionsonraithe ar fhíorú inmheánach, fíordheimhniú seachtrach agus ceadú torthaí.

**Aiseolas d'Fhoghlaimeoirí:** Ba cheart d'fhoghlaimeoirí aonair aiseolas tráthúil agus cuiditheach a fháil ar a gcuid measúnuithe a threoraíonn a rannphháirtíocht sa chlár. Ba cheart go mbeadh an t-aiseolas oiriúnach do nádúr an mheasúnaithe i.e. foirmitheach nó suimitheach.

**Achomhairc ó Fhoghlaimeoirí:** Ba chóir go mbeadh gnás achomhairc ag soláthraithe lena úsáid ag foghlaimeoirí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh toradh measúnaithe a mheasann siad a bheith éagórach. Ba chóir an gnás seo a chur in iúl d'fhoghlaimeoirí mar chuid dá gcuid faisnéise cláir.

## 8.8. COSAINT D'FHOGHLAIMEOIRÍ ROLLAITHE

Leagann Acht 2012 amach (i gCuid 6) ceanglais dhlíthiúla ar QQI agus ar sholáthraithe oideachais agus oiliúna (soláthraithe) maidir le Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe (PEL). Socraíonn sé go bhfuil sé de fhreagracht ar na soláthraithe a chinntiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le PEL ar chláir shonraithe. D'fhoilsigh QQI '***Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe: Prótacail chun Cuid 6 d'Acht 2012 a Chur Chun Feidhme'.*** Treoraítear soláthraithe chuig an doiciméad seo chun cur síos iomlán a fháil ar cheanglais an Achta.

Ní mór do gach soláthraí, beag beann ar a gcaidreamh le QQI, catagóirí áirithe faisnéise a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear sonraí na socruithe PEL atá i bhfeidhm ag an soláthraí, de réir Alt 65(4) d'Acht 2012, nó mura bhfuil aon socruithe PEL i bhfeidhm, go gcuirfí an méid sin in iúl go soiléir.

Mura ndíolmhaítear é go sonrach, ní mór do gach soláthraí príobháideach, deonach agus poiblí a sholáthraíonn cláir bhailíochtaithe QQI (nó iad siúd a bhfuil údarás acu dámhachtainí a tharmligean) a ghearrann táillí agus a thairgeann cláir de thrí mhí nó níos faide, comhlíonadh na gceanglas dlí maidir le PEL a léiriú (bíonn feidhm ag Prótacail 3.2, 3.3, 3.4, 3.5 agus 3.6). Baineann na prótacail seo leis na soláthraithe seo nuair a bhíonn:

i. Cláir á gcur isteach lena mbailíochtú.

ii. Clár bailíochtaithe ag dul faoi athbhreithniú ar bhailíochtú ó QQI.

iii. Údarás tarmligthe á lorg chun dámhachtain a dhéanamh i leith clár bailíochtaithe.

iv. Togra á chur isteach chun dámhachtain(í) breise a áireamh faoi údarás tarmligthe.

Cabhróidh gach soláthraí ábhartha (lena n-áirítear soláthraithe poiblí), má iarrtar sin, le QQI freastal ar fhoghlaimeoirí a mbíonn tionchar ag scor an chláir orthu (baineann Prótacail 3.6).

Ní mór do sholáthraithe a dhéanann comhaontú soláthair malartach PEL le soláthraí eile beartas agus gnásanna cuí PEL a bheith i bhfeidhm acu.

## 8.9. SOLÁTHAR COMHOIBRÍOCH

Is éard is comhar ann an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar chomhsheachadadh clár ar fad nó codanna de chlár ag dhá sholáthraí. ***Ós rud é go mbeidh gach comhoibriú uathúil agus intreach don chlár féin, ní féidir aon socrú comhoibríoch a bheith ann nó níor cheart dul isteach i gceann nach bhfuil ceadaithe mar chuid de chlár bailíochtaithe.***

Ní gá ach do na soláthraithe sin a bhfuil sé ar intinn acu cláir a chur isteach san fhoirm seo le

haghaidh bailíochtú gnásanna dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt don réimse seo. Ní ghlacfar le haon iarratas amach anseo ar bhailíochtú cláir a bhaineann le comhoibriú mura bhfuil gnásanna ceadaithe ina leith.

Má tá soláthraí ag smaoineamh ar shocrú comhoibríoch a bhunú le haghaidh clár nua a bheidh le bailíochtú ag QQI, tá roinnt treoirlínte cineálacha léirithe thíos. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thuiscint nach ionann faomhadh na ngnásanna seo agus cead socrú comhoibríoch a bhunú. Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin nuair a bheidh clár ina sonraítear na socruithe sonracha bailíochtaithe.

Sa bhreisoideachas agus san oiliúint, is iondúil go mbíonn an comhoibriú i bhfoirm (céad) soláthraí a chuireann clár ar fad nó cuid de ar fochonradh leis an (dara) soláthraí. I gcás den sórt sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh comhaontú soiléir ag an dá pháirtí maidir lena bhfreagrachtaí faoi seach. **Is ar an gcéad soláthraí atá an fhreagracht deiridh maidir le cáilíocht an chláir agus ba cheart gur eisean a chuireann na torthaí a chur ar ais chuig QQI lena ndeimhniú.**

Ba cheart do bheartas soláthraí maidir le soláthar comhoibríoch a fhreagrachtaí dá fhoghlaimeoirí a shoiléiriú nuair a bhíonn a chlár(chláir) á seachadadh ag soláthraí eile. Ba cheart go leagfadh sé amach freisin aon réasúnaíocht a d'fhéadfadh a bheith aige chun socrú comhoibríoch a bhunú chun clár a sheachadadh. Ba chóir go mbeadh aon réasúnaíocht dá leithéid chun leas na bhfoghlaimeoirí.

Ní mór don chéad soláthraí na gnásanna cineálacha seo a leanas a fheidhmiú chun aon socrú comhoibríoch a bhunú:

**Socruithe comhaontaithe:** Ar mhaithe le soiléire, tá sé ríthábhachtach ráiteas scríofa a chomhaontú ina sonraítear na freagrachtaí faoi seach idir an chéad agus an dara soláthraí. Ba cheart go leagfaí amach sa chomhaontú a bhfuil le tarlú nuair a theipeann ar cheachtar soláthraí a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Má tá Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe ina riachtanas don chlár atá i gceist, ba chóir díriú air sin sa ghnás.

**Socruithe Monatóireachta** Toisc gur ar an gcéad soláthraí atá freagracht iomlán as cáilíocht an chláir, ní mór dó a léiriú conas a dhéanfaidh sé monatóireacht ar bhaint amach cuspóirí an chláir agus ar shástacht na bhfoghlaimeoirí faoi na codanna sin den chlár a sheachadann an dara soláthraí.

## 8.10. CÓRAS THAIFID FOGHLAIMEOIRÍ

Ba cheart go mbeadh córas bunachar sonraí láidir cuimsitheach ag soláthraí atá in ann:

- taifid shlána foghlaimeoirí a choinneáil lena n-úsáid anois agus le haghaidh athbhreithniú stairiúil
- tuarascálacha a sholáthar atá riachtanach do bhainistiú cáilíochta inmheánach (tag. 8.2)
- sonraí a ghiniúint atá riachtanach do chóras deimhniúcháin QQI agus ag luí leis (tag. 8.7)
- tuarascálacha staitistiúla agus tuarascálacha eile a ghiniúint chun riachtanais faisnéise QQI a chomhlíonadh.

Ba cheart go mbeadh an soláthraí ar an eolas agus go gcomhlíonfadh sé a oibleagáidí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Áireofar leis sin rialuithe rochtana sonraí a bhunú, córais chúltaca sonraí agus ábhar faisnéise d'fhoghlaimeoirí ina soiléirítear cad iad na sonraí pearsanta a bheidh le bailiú agus cén cuspóir atá leo.

Ba cheart go mbeadh dóthain acmhainní riaracháin agus TF ann lena chinntiú go gcoimeádtar an bunachar sonraí go slán agus go bhfuil na sonraí, go háirithe na sonraí a bhaineann le measúnú foghlaimeoirí, cruinn agus iomlán.

## 8.11. FÉINMHEASTÓIREACHT AGUS FEABHSÚ CLÁR AGUS SEIRBHÍSÍ

Cuid bhunúsach dá chóras dearbhaithe cáilíochta is ea féinmheastóireacht soláthraí ar a chuid clár agus seirbhísí. Is bealach é chun forbairt a dhéanamh trí cheistiú cuiditheach as a dtagann moltaí dearfacha agus pleanáil feabhsúcháin. Ba cheart féachaint air go príomha mar phróiseas a théann chun leasa na bhfoghlaimeoirí anois agus sa todhchaí agus foireann an tsoláthraí.

**Cad is Féinmheastóireacht ann?**

Próiseas struchtúrach agus córasach is ea meastóireacht ina bhféachtar le héifeachtúlacht gníomhaíochta a iniúchadh, a léiriú agus a thuairisciú. Tá sé mar aidhm aige foghlaim ó aon ghníomhartha a dhéantar a ghabháil, a léirmhíniú agus a scaipeadh. Féachtar le dea-chleachtas a aithint agus na torthaí a úsáid chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus cleachtais amach anseo.

Féachfar sna meastóireachtaí le:

- Páirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara
- Fianaise inchreidte a bhailiú ó raon foinsí
- Tátail a tharraingt agus a chosaint
- Moltaí le haghaidh feabhsúcháin a dhéanamh
- A chinntiú go n-úsáidfear agus go gcomhroinntear aon cheachtanna a foghlaimíodh.

**Cad atá le Féinmheas?**

Féadfaidh soláthraí féachaint le go leor rudaí a fhoghlaim ó fhéinmheastóireacht agus, go hidéalach, ba chóir go mbeadh siad seo chun leasa an tsoláthraí agus na bhfoghlaimeoirí féin agus ní chun freastal ar éilimh sheachtracha amháin.

Féadfaidh an soláthraí rogha a dhéanamh meastóireacht a dhéanamh ar chlár aonair agus ar sheirbhísí gaolmhara nó féadfaidh sé grúpa clár a shainaithint a bhfuil a ndóthain i bpáirt acu le meastóireacht a dhéanamh orthu le chéile.

Tá sé tábhachtach go sainaithneodh soláthraí roimh ré cad atá le measúnú agus na critéir a úsáidfear chun rath a thomhas. Is féidir leis an soláthraí critéir a roghnú a bhaineann go háirithe lena Misean féin ach tá gnéithe áirithe den chlár nó de na cláir ar gá do QQI iad a mheas agus tuairisciú ina leith. Baineann siad seo go háirithe le cáilíocht an chláir/na gclár agus le héifeachtacht an chórais dearbhaithe cáilíochta. Tá na critéir seo leagtha amach sa seicliosta meastóireachta agus sa teimpléad tuairisce a théann leis na treoirlínte seo.

**Cé a bheidh páirteach i bhFéinmheastóireacht?**

Ceanglaíonn an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (2012) go gcaithfidh an soláthraí cláir agus seirbhísí gaolmhara a thairgeann soláthraí a mheas le hionchur ó fhoghlaimeoirí agus ó dhuine neamhspleách. Bainfear úsáid as an téarma 'meastóir seachtrach' anseo chun tagairt a dhéanamh don ról deiridh.

**Meastóir Seachtrach**

Agus meastóireacht á déanamh ba cheart go mbeadh baint ag an soláthraí, mar mheastóir seachtrach, le duine atá neamhspleách ar sheachadadh clár agus atá in ann comparáid a dhéanamh idir cáilíocht an chláir/na gclár atá á meas agus cáilíocht clár comhchosúil in áiteanna eile. Ba cheart gurb é ról an duine seo ná tacaíocht, aitheantas agus moltaí dearfacha a thabhairt le haghaidh feabhsúcháin.

Ba cheart go mbeadh saineolas oideachais, oiliúna nó tionscail ag meastóir i réimse leathan ábhar an chláir atá á mheas

Ba cheart do sholáthraithe smaoineamh ar 'phiar-athbhreithniú' a dhéanamh i.e. duine ó sholáthraí eile a bheith bainteach leis, i mbreisoideachas nó in ardoideachas agus oiliúint, atá in ann dearcadh eolasach a thabhairt ar rath an chláir agus in ann cur lena fheabhsú.

Ba cheart na critéir atá le húsáid ag soláthraí agus meastóir seachtrach á roghnú acu a áireamh sa ghnás chun cláir a mheasúnú.

**Foghlaimeoirí**

Mar phríomhúsáideoirí an chláir, tá sé tábhachtach gur féidir le foghlaimeoirí a gcion féin a chur leis an meastóireacht. Ní mór do sholáthraithe a léiriú gur féidir leo páirt a thabhairt d'fhoghlaimeoirí i bpróiseas na meastóireachta agus ní mór dóibh modhanna éifeachtacha a fhorbairt chun aiseolas ó fhoghlaimeoirí a bhailiú. Cuirfidh na modhanna seo fianaise ar fáil maidir le faireachán inmheánach ar raon iomlán gnásanna i.e. fíorú foghlaimeoirí, chomh maith le riachtanais an phróisis mheastóireachta a chomhlíonadh. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar mhodhanna dá leithéid: ceistneoirí, agallaimh, grúpaí ionadaíocha, grúpaí fócais, próisis ghearáin, seicliostaí meastóireachta agus aon mheicníochtaí eile a oireann do chomhthéacs na ngrúpaí foghlaimeoirí agus an tsoláthraí.

Agus aiseolas á thiomsú ó fhoghlaimeoirí, ba chóir iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil sé ionadaíoch, lena n-áirítear foghlaimeoirí nach é an Béarla a gcéad teanga agus iad siúd atá faoi mhíchumas má bhíonn siad i láthair. Go hidéalach ba chóir tuairimí na n-iarfhoghlaimeoirí a thiomsú freisin. Bheadh an t-aiseolas ó fhoghlaimeoirí a d'fhág clár gan an dámhachtain(í) atá ar fáil a bhaint amach an-fhaisnéiseach.

**Bainistíocht agus Foireann**

Tá rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht na foirne teagaisc agus baill foirne eile ríthábhachtach do rath aon phróisis féinmheastóireachta. Cuid lárnach den rannpháirtíocht seo is ea an tuiscint go bhfuil an fhéinmheastóireacht (agus an dearbhú cáilíochta i gcoitinne) mar chuid de ról na múinteoirí – ní rud sa bhreis ar an teagasc é – agus ní mór é a chur chun cinn agus cur síos a dhéanamh air ar an mbealach seo.

Ba cheart a fheiceáil go bhfuil formheas agus tiomantas ag an bpróiseas meastóireachta ón lucht bainistíochta. Mar sin ba cheart don bhainistíocht é a chur chun cinn agus tacú leis agus am, saineolas agus acmhainní á leithdháileadh.

Ba cheart go spreagfadh an bhainistíocht timpeallacht dhearfach inar féidir leis an bhfoireann a bheith machnamhach agus oscailte ó thaobh a gcuid tuairimí agus moltaí ar fheidhmíocht na gclár agus na seirbhísí á dtabhairt acu.

Is féidir leis an mbainistíocht tiomantas don phróiseas a léiriú freisin trí fhreagracht as an meastóireacht a chomhordú a shannadh do dhuine a bhfuil údarás aige nó aici agus atá freagrach as cinnteoireacht.

Beidh baill foirne a bhfuil baint acu leis a gclár i dtrácht lárnach sa mheastóireacht. Ba chóir go n-éascófaí dóibh a dtuairimí agus a moltaí maidir le feabhsúcháin a chur in iúl. Is féidir é seo a dhéanamh trí chruinnithe foirne cláir, agallaimh, ceistneoirí nó modhanna eile a oireann do chomhthéacs an chláir.

**Minicíocht na féinmheastóireachta**

Ba cheart féinmheastóireachtaí a dhéanamh ar mhinicíocht atá oiriúnach d'fhad agus do nádúr na gclár lena mbaineann. Cúig bliana an uastréimhse idir meastóireachtaí ach ní bheadh sé sin oiriúnach ach i gcúinsí eisceachtúla. **Beifear ag súil go ndéanfaidh gach soláthraí féinmheastóireacht amháin ar a laghad in aghaidh na bliana agus tuairisc a thabhairt uirthi.**

**An Mhodheolaíocht**

Is iad seo a leanas dhá chur chuige choitianta i leith féinmheastóireacht a dhéanamh:

A. Déanann an soláthraí féinmheastóireacht tosaigh tríd an seicliosta meastóireachta a chur i bhfeidhm as féin ar gach ceann de na cláir atá á meas Dréachtaíonn an té atá ag comhordú na meastóireachta, in éineacht le foireann an chláir, dréacht-tuarascáil bunaithe ar na torthaí. Ag an gcéim seo bíonn an meastóir seachtrach páirteach agus, trí phróiseas samplála, fíoraíonn sé na torthaí sa dréacht-tuarascáil. Dhéanfadh an meastóir seachtrach moltaí le haghaidh feabhsúcháin bunaithe ar a c(h)uid saineolais féin. Bheadh torthaí comhaontaithe an tsoláthraí agus an mheastóra sheachtraigh sa tuarascáil mheastóireachta.

nó

B. Déantar an mheastóireacht le rannpháirtíocht an mheastóra sheachtraigh ón tús. Bhunófaí foireann ar a mbeadh ba(i)ll foirne agus an meastóir seachtrach a chomhlíonfadh an seicliosta, i gcomhairle leis na foghlaimeoirí, agus a chuirfidh na torthaí comhaontaithe le chéile i dtuarascáil mheastóireachta.

**Foinsí Faisnéise**

Ba cheart don soláthraí faisnéis a lorg ó fhoinsí éagsúla. Beidh teicnící éagsúla ag teastáil chuige seo. Mar shampla:

- agallaimh le foghlaimeoirí
- cruinnithe foirne cláir

- ceistneoirí
- athbhreithniú ar thaifid agus tuarascálacha staitistiúla
- athbhreithniú ar thuarascálacha gearán/teagmhais
- cruinnithe leis an mbainistíocht
- breathnóireacht etc.

**Seicliosta Féinmheastóireachta**

Scrúdóidh an fhéinmheastóireacht go leor gnéithe de na cláir agus de na seirbhísí ach ba cheart díriú go háirithe ar cháilíocht eispéiris agus ghnóthachtáil na bhfoghlaimeoirí. Agus breithiúnais á ndéanamh ar aon ghné den soláthar, ba chóir go mbeadh an bhéim ar an tionchar ar fhoghlaimeoirí agus ar pháirtithe leasmhara eile seachas ar bheartais agus ar ghnásanna.

Mar sin ba chóir go gcuirfeadh an soláthraí agus an meastóir seachtrach sraith ceisteanna san fhéinmheastóireacht maidir le cúrsaí cáilíochta ina chuid clár agus seirbhísí. Cuirfear na ceisteanna seo, a leagfar amach i Seicliosta Féinmheastóireachta (teimpléad atá ar fáil ó QQI), ar an bhfoireann agus ar na foghlaimeoirí atá páirteach sa chlár agus ar sheirbhísí gaolmhara. Dírítear sa seicliosta ar na réimsí leathana beartais a léirítear sna treoirlínte seo agus ceadaíonn sé don soláthraí meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a ghnásanna dearbhaithe cáilíochta mar a chuirtear i bhfeidhm iad ar chlár ar leith, i.e. an bhfuil cáilíocht seachadta acu sa chlár agus sna seirbhísí agus an bhfuil fianaise ann chun tacú leis sin?

Agus gach ceist á freagairt aige, ba cheart don soláthraí é féin a ghrádú de réir an scála seo a leanas:

| | |
|---|---|
| 3 = Neart | Tá fianaise ann, ó gach clár a ndearnadh meastóireacht air, a thugann le fios go bhfuil an ghnóthachtáil sa réimse seo os cionn an mheáin. Is réimse é seo ar cheart cleachtas maidir leis a scaipeadh in áiteanna eile. |
| 2 = Inghlactha | Tá fianaise ann go bhfuil gnóthachtáil sa réimse seo ag teacht leis na hionchais, cé go mb'fhéidir nach amhlaidh sna cláir go léir a ndéantar meastóireacht orthu. Le forbairt bhreise, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina réimse láidreachta |
| 1 = Le Feabhsú | Is beag fianaise atá ann, nó níl fianaise ar bith ann, go bhfuil gnóthachtáil sa réimse seo ag teacht leis an méid a bhfuiltear ag súil leis. Tá gá le feabhsú. |

Cuirfidh sé seo ar chumas an tsoláthraí na réimsí beartais agus gnásanna sin a bhfuil ag éirí leo agus iad siúd a bhfuil feabhas ag teastáil uathu a aithint. Ba cheart na torthaí a úsáid chun bunús an mhachnaimh agus an phlé as a leanfaidh an tuarascáil mheastóireachta a sholáthar.

Tá sé ríthábhachtach a thuiscint cén fáth a bhfuil ag éirí go maith le rudaí i gcásanna áirithe agus cén fáth nach bhfuil i gcásanna eile. Tá an ceistiú ríthábhachtach.

**Tuairisciú**

Is é aidhm na féinmheastóireachta tuairisc chuiditheach a chur ar fáil a chabhróidh leis an soláthraí cáilíocht a chláir agus a sheirbhísí a choinneáil agus a fheabhsú. Cé go bhféadfadh roinnt clár gaolmhar a bheith san áireamh i bhféinmheastóireacht, ba cheart tuairisciú ar leithligh ar gach ceann díobh. Seolfaidh an soláthraí an tuarascáil seo, mar aon le Plean Feabhsúcháin Cláir arna chomhaontú ag an mbainistíocht, chuig QQI.

**a) Tuarascáil Féinmheastóireachta**
Tógfar i dtuarascáil féinmheastóireachta ar thorthaí an tseicliosta féinmheastóireachta agus féachfar ann le breithiúnais cháilíochtúla agus chainníochtúla a sholáthar ar chlár agus ar sheirbhísí gaolmhara.

Ceanglaíonn struchtúr na tuarascála ar an soláthraí díriú ar éifeachtacht an chláir féin i dtéarmaí a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Ba cheart go n-áireofaí sa tuarascáil machnamh meáite ar láidreachtaí agus ar laigí an chláir mar aon le moltaí comhaontaithe faoi roinnt ceannteideal i.e.

- Dearadh agus Ábhar an Chláir
- Seachadadh an Chláir
- Measúnú ar an bhFoghlaim
- Seirbhísí agus Acmhainní Gaolmhara
- Cuspóirí an Chláir a bhaint amach.

**b) Plean Feabhsúcháin Cláir**
Ba chóir go ndéanfaí pleanáil feabhsúcháin mar chuid den fhéinmheastóireacht, chun tógáil ar láidreachtaí agus chun díriú ar réimsí aitheanta ar gá iad a fheabhsú. Caithfidh Plean Feabhsúcháin Cláir a bheith réalaíoch agus insroichte, agus tús áite a thabhairt ann do na réimsí sin is mó a bhfuil an cumas acu torthaí foghlaimeoirí a fheabhsú. Ní mór Plean Feabhsúcháin Clár sínithe ag an mbainistíocht a bheith in éineacht le tuairisc fhéinmheastóireachta a chuirtear faoi bhráid QQI a thaispeánfaidh an chaoi a ngníomhófar ar thorthaí na tuarascála meastóireachta chun cáilíocht na gclár a choinneáil agus a fheabhsú.

Is féidir le Plean Feabhsúcháin Cláir a bheith mar bhonn le féinmheastóireacht ina dhiaidh sin i.e. is féidir na ceisteanna a laghdú go dtí:

*'An bhfuil na láidreachtaí/dea-chleachtais fós ann?'*
*'Ar cuireadh na bearta feabhsúcháin i gcrích?' '*
*Cad iad na feabhsuithe breise atá de dhíth orainn?'*

Is féidir teimpléid don tuarascáil féinmheastóireachta agus don phlean feabhsúcháin cláir a fháil ó QQI, más gá.

# 9. MEASÚNÚ AR AN GCÓRAS CÁILÍOCHTA AG QQI

Ceanglaíonn QQI ar gach soláthraí atá ag lorg bailíochtú tosaigh ar chlár a ghnásanna dearbhaithe cáilíochta a chur isteach ar dtús lena gceadú (Tag: Beartas agus Critéir QQI maidir le Rochtain Tosaigh ar Bhailíochtú Clár.)

Déanfaidh painéal de dhaoine neamhspleácha cuícháilithe an measúnú le haghaidh ceadú.

Ba cheart na nithe seo a leanas a áireamh in aighneacht an tsoláthraí le haghaidh ceadú:

- Ráiteas Misin an tSoláthraí
- Cairt Eagrúcháin ina dtaispeántar an struchtúr agus an fhoireann
- Córas cáilíochta doiciméadaithe comhdhéanta de na comhpháirteanna atá liostaithe i Roinn 5 thuas.

Beifear ag súil go gcuirfidh an soláthraí an córas i láthair an phainéil ó bhéal agus go míneoidh sé conas a oibreoidh sé.

## 9.1. CRITÉIR LE HAGHAIDH FORMHEASA

Úsáidfidh an painéal na critéir seo a leanas mar bhonn chun moladh a dhéanamh maidir le formheas.

- Tá an córas cáilíochta cuimsitheach, agus cuimsítear ann beartais agus gnásanna do gach réimse ábhartha atá leagtha amach i gCuid 7 thuas.
- Tá struchtúr rialachais ag an soláthraí atá in ann maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach a chórais cáilíochta
- Léiríonn beartais an tsoláthraí eolas iomlán ar na hoibleagáidí reachtúla ar sholáthraithe a cheanglaítear faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (2012).
- Is féidir leis an soláthraí agus / QQI monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar na gnásanna.
- Tá an córas um Monatóireacht Inmheánach inchreidte i.e. sainaithnítear ann
  - cé atá freagrach
  - modh(anna) oibríochta
  - minicíocht
  - táscaire(í)/bearta éifeachtachta.
- Tá sé de chumas ag na gnásanna do Mheasúnú ar Fhoghlaimeoirí a chinntiú go mbeidh an measúnú a dhéantar cothrom, comhsheasmhach agus oiriúnach don fheidhm.
- Sonraíonn an polasaí um Chosaint d’Fhoghlaimeoirí Rollaithe go soiléir oibleagáidí an tsoláthraí sa réimse seo
- Tá an córas um Fhéinmheastóireacht agus um Fheabhsú inchreidte agus tá an cumas ann tacú le soláthar ardchaighdeáin sa soláthraí.
- Tá fianaise ann go bhfuil baint ag na páirtithe leasmhara suntasacha go léir leis an bpróiseas féinmheastóireachta, i.e. foghlaimeoirí, baill foirne, meastóir neamhspleách, páirtithe leasmhara seachtracha.
- Léiríonn an cur i láthair don phainéal úinéireacht agus tuiscint iomlán ar an gcóras cáilíochta ag bainistíocht an tsoláthraí

# AGUISÍN GLUAIS TÉARMAÍ

| | |
|---|---|
| **Rochtain** | Cumas foghlaimeora chun leas a bhaint as deiseanna cuí atá ar fáil chun dul isteach i gcláir as a leanann dámhachtainí agus rath a bhaint amach iontu, agus aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim atá rinneadh cheana |
| **Dámhachtain** | Rud a dhéanann foras cáiliúcháin) a bhronnadh, a dheonú nó a thabhairt agus lena dtaifeadtar go bhfuil caighdeán eolais, scile nó inniúlachta gnóthaithe ag foghlaimeoir. |
| **Cineál Dámhachtana** | Aicme dámhachtainí aitheanta a bhfuil gnéithe agus leibhéal i bpáirt acu. Ina measc seo tá mórdhámhachtainí, miondámhachtainí, dámhachtainí sainchuspóra agus dámhachtainí forlíontacha. Léiríonn cineálacha éagsúla dámhachtainí cuspóirí difriúla dámhachtainí agus déanann siad soláthar le gach gnóthachtáil foghlama a aithint. |
| **Ráta críochnaithe** | Léirítear líon na bhfoghlaimeoirí a ghnóthaíonn dámhachtain CNC ar chlár oideachais agus oiliúna mar chéatadán de líon na bhfoghlaimeoirí a chuir tús leis an gclár lena mbaineann. |
| **Creidiúint** | Tomhas trínar féidir éachtaí foghlama éagsúla a aithint; Comhlánaíonn córais chreidmheasa an Creat agus gnóthachtáil dámhachtainí. Cuireann deiseanna do charnadh creidiúintí le haitheantas na foghlama. |
| **Fianaise:** | Ábhar a ghintear trí ghnás a chur i bhfeidhm a léiríonn a éifeachtacht |
| **An Chéad Soláthraí** | Duine nó foras a eagraíonn nó a sholáthraíonn clár iomlán nó cuid de, a soláthraíonn soláthraí eile cuid de nó cuid de. |
| **Breisoideachas agus oiliúint** | Oideachas agus oiliúint seachas bunleibhéal nó iar-bhunscoil nó ardoideachas agus oiliúna. |
| **Foghlaimeoir** | Duine a bhfuil eolas, scil nó inniúlacht gnóthaithe aige/aici nó atá á ngnóthú aige/aici. |
| **Mórdhámhachtain** | Is é an cineál dámhachtana seo an phríomhaicme dámhachtainí a dhéantar ag gach leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Ag formhór na leibhéal, baineann na cineálacha dámhachtana sin le raon tipiciúil de ghnóthachtálacha ag an leibhéal. |

| | |
|---|---|
| **Miondámhachtain** | Tugann an cineál dámhachtana seo aitheantas d'fhoghlaimeoirí a ghnóthaíonn raon torthaí foghlama, ach ní hé an teaglaim shonrach de thorthaí foghlama a theastaíonn do mhórdhámhachtain. Beidh an t-aitheantas ábhartha ann féin. |
| **Monatóir** | Duine a dheimhníonn go bhfuil gnásanna dearbhaithe cáilíochta á gcur i bhfeidhm mar a comhaontaíodh. Féadfaidh an monatóir a bheith ag obair thar ceann an tsoláthraí (monatóireacht áitiúil) nó QQI (monatóireacht náisiúnta). |
| **An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí** | An t-aonán aonair a nglactar leis go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trína ndéantar gach gnóthachtáil foghlama a thomhas agus a cheangal lena chéile ar bhealach comhleanúnach trína sainítear an gaol idir gach dámhachtain oideachais agus oiliúna. Tá 10 leibhéal ag an gCreat, a léiríonn an fhoghlaim ar fad ó na leibhéil tosaigh go dtí an leibhéal dochtúireachta. |
| **Monatóireacht Náisiúnta** | An próiseas a oibreoidh QQI lena chinntiú go bhfuil córais dearbhaithe cáilíochta éifeachtach ag soláthraithe chun cáilíocht na gclár bailíochtaithe a choinneáil agus a fheabhsú. |
| **Piar-athbhreithniú** | Ba cheart do sholáthraithe smaoineamh ar 'phiar-athbhreithniú' a dhéanamh i.e. duine ó sholáthraí eile a bheith bainteach leis, i mbreisoideachas nó in ardoideachas agus oiliúint, atá in ann dearcadh eolasach a thabhairt ar rath an chláir agus in ann cur lena fheabhsú. |
| **Clár** | Eispéireas foghlama atá deartha agus á thairiscint ag soláthraí, laistigh den stát, bunaithe ar chaighdeáin náisiúnta réamhshocraithe agus as a leanann dámhachtain QQI |
| **Athbhreithniú Cláir** | An próiseas trína ndéanann an soláthraí machnamh ar a chlár(anna) chun a ábharthacht leanúnach a chinntiú. Déanfar athbhreithniú níos minice ach ní bheidh sé chomh foirmiúil céanna agus beidh sé ar scála níos lú ná féinmheastóireacht cláir. Cuirfidh torthaí na n-athbhreithnithe le féinmheastóireacht. |
| **Forchéimniú** | Cumas foghlaimeora bogadh go clár eile as a leanann dámhachtain ag leibhéal níos airde den Chreat, tar éis dó aitheantas a fháil as eolas, scil nó inniúlacht a gnóthaíodh |
| **Cosaint d'Fhoghlaimeoirí** | Socruithe arna gcur i bhfeidhm ag soláthraithe, trína dtairgtear cláir trí mhí nó níos mó agus ar bhonn tráchtála, chun leasanna na bhfoghlaimeoirí a chosaint sa chás go scoirtear clár. |
| **Soláthraí** | Duine a sholáthraíonn, a eagraíonn nó a fhaigheann clár oideachais agus oiliúna |

| | |
|---|---|
| **Dearbhú Cáilíochta** | An córas/na córais atá curtha i bhfeidhm ag soláthraí chun cáilíocht a chláir/chláir a choinneáil agus a fheabhsú |
| **Aitheantas Réamhfhoghlama** | Aitheantas d'fhoghlaim a tharla ach nach gá go ndearnadh é a mheasúnú ná a thomhas sula ndeachthas isteach sa chlár. D'fhéadfadh an réamhfhoghlaim sin a bheith faighte trí bhealaí foirmiúla, neamhfhoirmiúla nó mífhoirmiúla. |
| **An Dara Soláthraí** | Duine nó foras a eagraíonn nó a sholáthraíonn clár iomlán nó cuid de, agus a soláthraíonn soláthraí eile cuid de nó an t-iomlán. |
| **Féinmheastóireacht** | An próiseas trína ndéanann soláthraí, le rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí agus measúnóir seachtrach, measúnú ar cháilíocht a chláir nó a sheirbhísí. Foilseofar torthaí féinmheastóireachta i bhformáid chaighdeánach. |
| **Dámhachtain Sainchuspóra** | Déantar an cineál dámhachtana seo le cuspóirí ar leith, atá réasúnta cúng, go minic chun inniúlacht i réimse ceirde áirithe a dheimhniú. |
| **Dámhachtain Fhorlíontach** | Bronntar an cineál dámhachtana seo as foghlaim de bhreis ar dhámhachtain roimhe sin. D'fhéadfadh baint a bheith acu, mar shampla, le heolas nó scileanna a nuashonrú agus a athnuachan, nó le forbairt ghairmiúil leanúnach |
| **Aistriú** | Cumas foghlaimeora aistriú ó chlár amháin as a leanann dámhachtain go clár eile, lena n-áirítear ag an leibhéal céanna den Chreat, tar éis dó aitheantas a fháil as eolas, scil nó inniúlacht a gnóthaíodh |
| **Bailíochtú** | An próiseas trína ndéanann QQI meastóireacht ar chlár oideachais agus oiliúna, chun a chinntiú go dtugann an clár atá beartaithe deis don fhoghlaimeoir caighdeáin na dámhachtana a bheartaítear a bhronnadh as an gclár a bhaint amach. |

19 I gcomhthéacs na gcritéar seo ciallaíonn "cláir a thairgeann sé" cláir a sholáthraíonn, a eagraíonn nó a fhaigheann an soláthraí.

20 Tabhair ar aird go dtarraingeoidh sé bailíochtú faoi alt 36(7) siar freisin.

21 Tabhair ar aird go dtarraingeoidh sé bailíochtú faoi alt 36(7) siar freisin.